



Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair



An Chrannóg, Srath na Corcrach, Doirí Beaga, Leitir Ceanainn, Tír Chonaill
Fón: 074 95 32208 • cfgd@eircom.net • www.crannog.ie

Ráiteas um Chosaint Leanaí Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair (CFGD)

Cuireann CFGD na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

Scoil Cheoil (ranganna amhráin, drámaíocht, scéalaíocht agus uirlísí ceoil), Oifig Eolais, Seirbhísí Oifige, Ranganna Gaeilge, Cumann Cairdeas - Club 50, Seirbhís Comhairliúcháin, Seirbhís saor chomhairle dlí, Campaí Samhraidh, Féilte (Éigse Uladh, Loinneog Lúnasa, Scoil Gheimhridh Ghaoth Dobhair), Paráid na Féile Pádraig, Lá Glantacháin, Oícheanta Nollaig & ócáid le Dáidí na Nollag.

Teagmhálaí Ainmnithe do Chosaint Leanaí:

Cathal Ó Gallchóir, 07495 32208 cfgd@crannog.ie

Ár dTiomántas chun Leanaí a Chosaint ó Dhochar

Tá CFGD tiomanta do sheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil a chuireann chun cinn dea-chleachtas agus a chruthaíonn timpeallacht shábháilte chun páistí agus daoine óga a chosaint ó dhochar. Cinnteoidh sé go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun baili foirne/ceannairí/coistí agus an eagraíocht a chosaint ó líomhaintí féideartha.

Déantar é seo trí na prionsabail a leanas a chur i bhfeidhm san eagraíocht:

- A chinntiú gur leas an linbh an rud is tábhachtaí thar aon ní eile
- Go bhfuil gach duine freagrach as sábháilteacht agus cumhdach leanaí
- Tá sé de cheart ag leanaí go n-éistfidh leo agus go dtabharfaí aird ar an méid atá le rá acu.
- Ba cheart ómós a thabhairt do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus ba chóir dul i gcomhairle leo agus ba cheart go mbeadh baint acu le ceisteanna a bhaineann lena dteaghlach ach amháin sa chás go gcuirfeadh sé an páiste i mbaol é seo a dhéanamh
- A chinntiú go bhfuil gach ball foirne agus gach duine deonach curtha faoi réamhscrúdú an Gharda Síochána
- Treoirínnte Cosaint Leanaí agus Cód Cleachtais a chur ar fáil do cheannairí/múinteoirí agus foireann
- Traenáil a chur ar fáil don fhoireann agus do cheannairí/múinteoirí maidir le polasaithe na heagraíochta
- Eolas a roinnt leis na húdaráis chuí ar bhonn riachtanais
- Cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha síos maidir le hearcú agus roghnú foirne agus daoine deonacha

- Foireann agus daoine deonacha a bhainistiú go héifeachtach tríd tacaíocht, traenáil agus maoirseacht
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ár Ráitis Cumhdach Leanaí agus ar ár bPolasaí agus Treoirlínte Cumhdach Leanaí gach dara bliain nó níos minice má bhíonn gá de bharr athruithe sa reachtaíocht nó polasaí náisiúnta

Caithfidh ceannairí/múinteoirí:

- Meas a léiriú do gach duine
- Teanga oiriúnacha a úsáid is iad ag caint le daoine óga, páistí, tuismitheoirí agus le ceannairí/múinteoirí eile.
- A bheith ar an eolas faoi pholasaithe CFGD.
- Caithfidh ceannairí/múinteoirí a bheith ina eiseamláir maithe do na baill. Ba chóir dóibh éisteacht, iompar maith a mholadh agus caitheamh le gach duine le meas.
- Déileáil le tromaíocht i measc na baill, na ceannairí, tuismitheoirí agus cuairteoirí. Cinntiú go bhfuil páipéarachas a bhaineann le clárú agus árachais suas chun dáta.
- Cinntiú go bhfuil caidreamh cóir acu leis na baill.
- Cinntiú go bhfuil aon teagmháil fisiciúil leis na baill cóir agus ag cloí leis an pholasaí cosaint leanaí.
- Polasaí CFGD a thuiscint agus cloí leo.
- Tuiscint a bheith acu ar céard atá i gceist le rúndacht.
- Cloí le rialacha a bhaineann le húsáid ríomh-phost, idirlín agus fón nuair atá siad ag déanamh teagmháil leis na baill.

Níor chóir do cheannairí/múinteoirí:

- Neamhaird a dhéanamh ar aon líomhaintí nó eolas a nochtar dóibh.
- Gealltanais a thabhairt go gcoinneoidh siad rún.
- Briogadh gnéasúil a dhéanamh nó cluichí garbh fisiciúil a imirt leis na baill.
- Úsáid a bhaint as, nó ligeann do na baill úsáid a bhaint as teanga mí-oiriúnach.
- Páirt a ghlacadh in aon iompar nó caint a bhféadfadh ball a dhéanamh mí-chompordach nó mí-shásta.
- Aon rud pearsanta a dhéanamh don duine óg atá siad ábalta déanamh dóibh féin.
- Páistí a thabhairt abhaile leo.
- Grianghrafanna nó fiseáin a thógáil nó a úsáid gan cead.
- Barraíocht am a chaitheamh ina aonar le aon bhall.
- Aon ball a thabhairt sa charr leo ina aonar ach amháin i gcás éigeandála.

I ndiaidh aon eachtra ina shíleann ceannaire go raibh mí-thuiscint faoina iompar ba chóir don ceannaire tuairisc scríofa a thabhairt don Teagmhálaí Ainmnithe chomh luath is gur féidir é.

Má tá inní ort go bhfuil mí-úsáid fhisiciúil, ghnéis, ghoilliúnach nó faillí á dhéanamh ar pháiste:

- Déan taifead ar fianaise atá tú buartha faoi.
- Labhair le Teagmhálaí Ainmnithe CFGD.
- Más gá rachaidh an Teagmhálaí Ainmnithe i dteagmháil leis na húdaráis cuí.

Gan dabht tá súil againn uilig nach mbeidh orainn déileáil le bás mar seo go deo, ach tá sé rí-thábhachtach go mbeidh fhios ag gach daoine céard is cuí a dhéanamh má tharlaíonn a leithéid. Má tarlaíonn aon rud a chuireann inní ort maidir le cosaint leanaí, tá dualgais ort é a chur in iúl don Teagmhálaí Ainmnithe agus tá cead agat tuairisciú a dhéanamh chuig FSS/na Gardaí má tá inní fós ort faoi chosaint leanaí i gCFGD.

Ná déan dearmad, caithfidh tú tuairisciú – ní imscrúdú a dhéanamh.

Má nochtann páiste duit go bhfuil mí-úsáid á dhéanamh ag duine éigin air / uirthi:

- Lig don pháiste labhairt gan cur isteach ar an méid atá le rá.
- Cuir in iúl don pháiste go nglacfaidh tú leis an méid atá ráite agus nach ar an pháiste atá an lucht.
- Ná déan breithiúnas ar bith agus ná déan geallúint rún a choinneal.
- Abair go bhfuil tú ansin chun tacú leis an pháiste ach go gCAITHFIDH tú an scéal a tuairisciú don Teagmhálaí Ainmnithe.
- Déan taifead scríofa ar an méid atá ráite i bhfocail an pháiste.
- Labhair leis an Teagmhálaí Ainmnithe chomh luath is gur féidir é.
- Má tá an páiste i mbaol déan teagmháil ar an bpointe le Seirbhísí Cosaint Páistí nó na Gardaí
- Déan taifead ar aon ghníomh atá déanta agat agus tuairiscí don Teagmhálaí Ainmnithe

Má dhéantar líomhaintí ar cheannaire eile nó ort féin:

- Déan taifead ar an méid a dúradh.
- Cuir an scéal in iúl don OCL.
- Rachaidh an OCL i dteagmháil leis na húdaráis cuí.

Tá dualgais príobháideachas an pháiste a chosaint chomh maith, mar sin, coinnigh na sonraí ar fad rúnda agus ná roinn an eolas ach amháin leis an Oifigeach/Údaráis cuí agus na tuismitheoirí.

Cur i bhFeidhm agus Athbhreithniú

- Tuigeann muid gur próiseas leanúnach é cur i bhfeidhm an pholasaithe um Chosaint Leanaí. Tá CFGD tiomanta do chur i bhfeidhm na Ráitis um Chosaint Leanaí agus na polasaithe agus nósanna imeachta a théann leis, a thacaíonn le n-ár tiomantas chun páistí agus daoine óga a choinneáil sábháilte ó dhochar agus iad ag freastal ar ár seirbhísí.
- Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas seo gach darna bliain, nó chomh luath in Éirinn agus is féidir tar éis athrú in aon ní a bhaineann leis an Ráiteas.

- Tá fáil ar an Ráiteas seo ar shuíomh Idirlín CFGD, agus tá sí ar dtaispeáint in oifig CFGD. Tá an Ráiteas curtha ar fáil do gach ball foirne, oibrí deonach agus aon duine ábhartha eile a bhaineann le CFGD. Is féidir cóip a chur ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí ach sin a bheith iarrtha. Tabharfar cóip den Ráiteas seo do TUSLA má éilítear sin.

Sínithe: _____ Dáta: _____

Ainm agus Sonraí Teagmhála

Cathal Ó Gallchóir,

Bainisteoir Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair (CFGD)

An Chrannóg, Doirí Beaga, Leitir Ceanainn 07495 32208

cfgd@crannog.ie

	Rioscanna Sainitheanta	Nós Imeachta atá i bhfeidhm chun an riosca a bhainistiú
1.	Daoine mí-oiriúnach a earcú	Réamhscrúdú an Gharda Síochána a dhéanamh ar gach duine thar 18bl. d'aois sula dtéann siad i mbun oibre linn.
2.	Easpa traenáil cumhdach leanaí	Beidh ar gach ceannaire/fostaí/múinteoir an cúrsa ar líne a dhéanamh agus cóip den teastas a chur ar fáil
3.	Gan deis a bheith ag páiste nó easpa eolas a bheith ar fáil dóibh chun gearán a dhéanamh	Daoine óga a bheith curtha ar an eolas.
4.	Baol díobhála ó dhaoine eile a bhaineann úsáid as an ionad ag an am céanna.	Cloí le Treoirlínte CFGD maidir le turais
5.	Baol díobhála do bhaill ó cheannairí/baill foirne taobh amuigh de ghnáth láthair m.sh turais éagsúla	Cloí le Cód eitice agus dea-chleachtas na heagraíochta. Cloí le Cód Iompair do imeachtaí.
6.	Gaol mí-oiriúnach idir ball agus duine fásta nó ball eile	A chinntiú go bhfuil gach duine san eagraíocht ar an eolas faoi Pholasaí Cosaint Leanáí agus Treoirlínte Cosaint Leanáí CFGD. Traenáil & Oiliúint leanúnach ar Cosaint Páistí a chur ar fáil
7.	Baol go mbeadh mí-úsáid a bhaint as ríomhairí/na meáin shóisialta/fóin nó gléasanna leictreonacha eile sa chlub	Polasaí Idirlín CFGD
8.	Contúirt de bharr gan a bheith ag cloígh leis an chód iompair	A chinntiú go bhfuil eolas agus oiliúint a chur ar cheannairí/foireann faoi Chód Iompair na hEagraíochta
9.	Easpa maoirseacht ag imeachtaí/ranganna/campaí	Cloí le Cód Iompair do imeachtaí.
10.	Baol díobhála de bharr tromaocht ó pháiste eile	Polasaí Frith-Bhulaíocht a chur i bhfeidhm.
11.	Cumarsáid idir baill foirne/ceannairí le baill tríd théacsanna, ar na meáin shóisialta, ar ghléas digiteach agus rí agus ábhar míchuí a bheith a chuir ar fáil/a scaipeadh	A chinntiú go bhfuil baill foirne agus ceannairí ar an eolas agus ag cloígh le Polasaí Meáin Shóisialta CFGD.
12.	Easpa tuairisciú nó tuairisciú déanach ar chontúirtí áirithe agus tuairisc a bheith míchruinn de thairbhe sin.	Cloí leis an treoir atá leagtha síos i dTreoirlínte CFGD maidir le tuairisciú. Ba chóir teagmháil a dhéanamh i gcónaí le Teagmhála Ainmnithe CFGD má bhíonn aon chúis imní ag duine.